# Babhta Coimisiúnaithe - Faoin Chiste Craoltóireachta Gaeilge (ILBF)

# Samhradh 2026

# An dáta deiridh d'iarratais: 16:00 an 19 Meitheamh 2026

**Tá córas coimisiúnaithe nua i bhfeidhm ag TG4 – TG4 eCoimisiúin. Chun iarratas a dhéanamh ní mór duit clárú ar an gcóras nua** https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Cuireann Foghlaim TG4 agus Cúla4 fáilte roimh iarratais le haghaidh ábhar oideachais don bhabhta **Ábhar Digiteach & Fuaime**, Samhradh 2026 den Chiste Craoltóireachta Gaeilge.

Sa bhabhta coimisiúnaithe seo roghnófar tograí le cur ar aghaidh lena mbreithniú do thacaíocht faoin gcéad bhabhta eile den Chiste Craoltóireachta Gaeilge (ILBF). Ná cuir ar aghaidh ach tionscadail atá incháilithe faoin scéim.

Is riachtanas de chuid TG4 é go mbeadh eolas ag comhlacht ar bith a mbronntar coimisiúnú air ar Chaighdeáin agus Treoirlínte Iriseoireachta Chláir TG4, Polasaí Comhlíontachta TG4 agus na hoibleagáidí reachtúla agus rialála atá i gceist faoin Acht Craolacháin 2009 chomh maith le heolas a bheith acu ar Chóid agus Rialacha ábhartha Choimisiún na Meán (CnaM.ie).

## Sula ndéantar iarratas:

- **Léigh Spriocanna Straitéiseacha TG4:** (Lch 6) agus léirigh go soiléir an chaoi a dtacaíonn do mholadh le straitéis TG4.

- **Lucht Féachana:** Luaigh go soiléir an lucht féachana ar a bhfuil do mholadh dírithe. (Páistí, aoisghrúpa 15-35, 34-54, 55+)

**Ní mór na nithe seo a leanas a bheith san áireamh san iarratas:**

- Achoimre chruthaitheach ar an gclár nó ar an tsraith.
- Buiséad iomlán agus plean airgeadais ar an teimpléad buiséid cuí- **Teimpléad Buiséad ILBF**

- Léiritheoir & Stiúrthóir tugtha mar aon leis an bpríomhfhoireann taobh thiar den cheamara.

Comhairleoir Oideachais ainmnithe mar chuid den fhoireann fá choinne ábhair Foghlaim

Níor cheart tograí a diúltaíodh roimhe seo a chur isteach arís gan na hathruithe a moladh a dhéanamh in aiseolas TG4 & ILBF a bheith déanta orthu ar dtús.

## Riachtanais Iarratais:

- Beidh foirm le líonadh isteach mar iarratas ar an suíomh nua eCoimisiúin. Is féidir an t-eolas a bhaineann leis na riachtanais thíos agus aon eolas bhreise a chur ag deireadh an iarratais mar aon le naisc ar bith ar mian libh a bheith san áireamh.

**Cuir san áireamh:**

- Cur síos ar an smaoineamh agus ar an gcur chuige cruthaitheach
- Cur chuige fisiúil ón stiúrthóir
- Moltaí maidir le tallann / rannpháirtithe atá le bheith ar an scáileán
- Amlíne léiriúcháin
- Ba cheart na gnéithe inghlactha don bhabhta seo den ILBF a dtagraíonn siad dó a shonrú sna hiarratais seo.
- Plean maoinithe
- Straitéis Dhigiteach 360
- Foireann agus taithí
- Léiriú ar an gcaoi a bhfuil an togra ag teacht le súil eile agus straitéis TG4
- Sprioc lucht féachana TG4 /Cúla4

- Cur chuige eagarthóireachta teangeolaíoch don léiriú - ní mór an cur chuige atáthar a úsáid sa chlár / sa tsraith chun an Ghaeilge agus caighdeán agus saibhreas na Gaeilge a chinntiú.

Ba chóir go sonrófaí sna hiarratais cé acu de na gnéithe inghlactha thíosluaite den bhabhta seo den ILBF a dtagraíonn siad dóibh.

**Foghlaim TG4**

TG4 Foghlaim

Tá sé mar sprioc ag Foghlaim TG4 forbairt a dhéanamh ar na hábhair churaclaim atá ar fáil ar an suíomh Foghlaim TG4 faoi láthair.
Cuirfear fáilte roimh ábhar oideachais úr atá spreagúil agus siamsúil a bheidh ina ábhar tacaíochta do mhúinteoirí agus tuismitheoirí atá ag teagasc i nGaelscoileanna, atá ag teagasc na Gaeilge i scoileanna Béarla nó ag tógáil páistí le Gaeilge sa bhaile. Is ábhar é seo a bheidh in úsáid i mbunscoileanna agus meánscoileanna, scoileanna lán Ghaeilge agus scoileanna Béarla.

Ní mór d'iarratais díriú ar na bearnaí atá ann ó thaobh soláthar don earnáil oideachais agus comhairle a lorg ó na geallsealbhóirí oideachais – Comhairle na Gaelscolaíochta, Altram agus CCEA.

Tá sé riachtanach comhairleoir oideachais agus teanga a aithint in aon iarratas a chuirfear ar aghaidh. Molaimid féidearthachtaí d'acmhainní breise foghlama a fhiosrú sna hiarratais. Mar shampla taifid fuaime, grafaicí eolais nó quizeanna idirghníomhacha a thacaíonn leis an ábhar físe.

Tá fáilte roimh comhlachtaí teagmháil a dhéanamh linn chun smaointe agus iarratais a phlé.
Tá suim againn in iarratais a chomhlíonann na riachtanais seo go háirithe:

**Ábhar oideachais a thacaíonn le cláracha atá ar fáil ar TG4/Cúla4.**

**Ábhar Naíscoile, bunscoile agus Meánscoile (ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge)**

**Naíscoil**: Formáidí a thacaíonn leis an sealbhú teanga sna luathbhlianta, forbairt phearsanta, gluaiseacht, agus an domhan thart orainn. Fáiltíonn muid roinnt formáidí fuaime a thacaíonn leis an sealbhú teanga agus scileanna pearsanta.

Tá deiseanna anseo ábhar siamsúil a chruthú do theaghlaigh agus tuismitheoirí atá ag tógáil leanaí le Gaeilge agus teaghlaigh ag foghlaim na Gaeilge.

**Bunscoil:** Formáidí a thacaíonn le Litreacht agus Teanga; Scéalaíocht agus scríbhneoireacht chruthaitheach, Mata – Mata san fhíorshaol agus Mata Meabhreach, STEM, an Domhan thart orainn – Stair agus Tíreolaíocht, Corpoideachas agus Folláine agus Forbairt Phearsanta.

**Meánscoil**: Formáidí a thacaíonn le Gaeilge – EC3 agus G.C.S.E, Foghlaim don saol agus don obair, Tírealaíocht EC3, Stair EC3 agus STEM EC3.

Formáidí a thacaíonn le tograí scoile nó le riachtanais oideachais ar leith m.sh; Ag foghlaim faoi Chearta Teanga, Cearta na mBan agus Sábháilteacht ar Líne.

Formáidí a thacaíonn le Graiméar na Gaeilge d'fhoghlaimeoirí.

**Ábhar a thacaíonn le foghlaim na Gaeilge i scoileanna atá ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla**

Meánscoileanna Béarla: Formáidí a thacaíonn le Gaeilge – G.C.S.E agus Ardleibhéal.

**Formáidí a taction le foghlaim na Gaeilge do thuismitheoirí/caomhnóirí páistí atá ag freastail ar Ghaelscoil nó le daoine fásta atá ag foghlaim na Gaeilge.**

**Formáidí fuaime a thacaíonn le foghlaimeoirí nó le múinteoirí atá ag iarraidh an Ghaeilge a theagasc i suíomhanna an tumoideachais.**

Tá ábhar tarraingteach agus siamsúil, a spreagann fiosracht agus foghlaim, ach a bhfuil féith an ghrinn ag baint leis a bheidh oiriúnach do chraoladh trasardáin do Cúla4 á lorg. Ní mór siamsaíocht agus idirghníomhaíocht a bheith lárnach in aon ábhar oideachais, mar atá sna sraitheanna atá againn cheana ar nós 'Is Eolaí Mé' agus 'Innealtóirí'.

Tá suim again in iarratais a chomhlíonann na riachtanais seo go háirithe:

**Naíonáin, 0-3 bliana**

Formáidí a thacaíonn le luathfhoghlaim (early learning) na Gaeilge don aosighrúpa seo, ar bhealach siamsúil agus idirghníomhach, tríd ceol, scéalaíocht, rannta, foclóir. Tá deiseanna anseo ábhar siamsúil a chruthú do theaghlaigh agus tuismitheoirí atá ag tógáil leanaí le Gaeilge agus teaghlaigh ag foghlaim na Gaeilge.

**Lucht féachana réamhscoile, 3-5 mbliana**

Scéalaíocht, gluaiseacht agus cúrsaí folláine (mothúcháin, bia, gluaiseacht), ceol.

**Lucht féachana luath-bhunscoile, 5-7 mbliana**

Eolaíocht, ealaín, gluaiseacht agus cúrsaí folláine, ceol, teicneolaíocht, nádúr, ainmhithe, fiosrú an domhain agus conas a oibríonn rudaí.

**Lucht féachana bunscoile, 8-12 bhliain**

Stair, tíreolaíocht, eacnamaíocht, teicneolaíocht, ealaín, sábháilteacht idirlín, tuiscint ar na meáin (media literacy).

Táimid ar fáil chun smaointe agus iarratais a phlé. Déan teagmháil le meabh.fields@tg4.ie agus karina.feirtear@tg4.ie

**Formáid:** Sraith de chláracha, fad éagsúil.

**Lucht Féachana:** Páistí, Croí-lucht féachana

## Eolas Eile d'Iarrthóirí

Ní mór gach togra a chur ar aghaidh go leictreonach chuig TG4. Ní mór do chomhlachtaí léiriúcháin a chinntiú ar dtús go bhfuil siad cláraithe ar ár gcóras eCoimisiúin https://ecoimisiuin.tg4.ie/.

Ní mór iarratais a dhéanamh roimh an sprioc-am agus iad a chur ar aghaidh trí ***'ILBF Digiteach Samhradh 2026'*** a roghnú ón roghchlár. Cuirfear in iúl duit, go huathoibríoch, nuair a bheidh do thogra curtha ar aghaidh. Ní ghlacfar le tograí nuair a bheidh an spriocdháta deiridh molta caite.

Is féidir ceist ar bith faoin mbabhta seo agus faoi oiriúnacht an tionscadail a sheoladh chuig Julieann.ni.fhatharta@tg4.ie.

*Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.*

*Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle i bpraghas, ná le haon iarratas.*

*Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a lua. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur faisnéis íogair í agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.*